# Acadamh Óg na hÉireann

Plean Straitéiseach 2024–28

Acadamh Óg na hÉireann
Young Academy Ireland

## Eagraíocht uile-oileáin idirdhisciplíneach é Acadamh Óg na hÉireann (YAI) ina bhfuil taighdeoirí agus nuálaithe luathghairme (ECRInna). An aidhm atá aige ná daoine a thabhairt le chéile chun obair a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí.

Cuireann Acadaimh Óga ardán ildisciplíneach ar fáil ar fud an domhain a thugann deis dá gcomhaltaí a gcuid smaointe agus taithí a roinnt. Déanann YAI ionadaíocht ar son taighdeoirí luathghairme ar oileán na hÉireann agus cuireann sé le hathruithe sa tsochaí trí phlé idirdhisciplíneach a chothú agus rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn. Ar a bharr sin, cabhróidh YAI lena gcomhaltaí cur le forbairt an tsaoil taighde agus chultúrtha uile-oileáin, lena chinntiú go mbeidh ionadaíocht leordhóthanach ar fáil do thaighdeoirí agus do nuálaithe luathghairme agus gur féidir leo rannpháirtíocht ghníomhach a ghlacadh sa phlé ar shaincheisteanna domhanda.

Féachann YAI le ballraíocht a chuimsíonn comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a bhaint amach, rud atá le feiceáil ó réimse leathan na ndisciplíní as a dtagann a gcomhaltaí. Is fóram bríomhar é do thaighdeoirí luathghairme a chuireann ar fáil timpeallacht spreagúil agus chruthaitheach chun smaointe nuálacha a mhalartú agus a fhorbairt.











# Plean Straitéiseach Acadamh Óg na hÉireann

Leagtar amach sa phlean straitéiseach seo misean Acadamh Óg na hÉireann agus na 'dúshláin mhóra' atá romhainn sna blianta 2024–28. Leagtar síos tosaíochtaí YAI agus tugtar léargas ar a bhfuil mar aidhm againn a dhéanamh chun saol taighde agus cultúrtha oileán na hÉireann a chur chun cinn.

### Misean

I dtosach, is é misean Acadamh Óg na hÉireann:

- ardán trasdisciplíneach a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas taighdeoirí agus nuálaithe luathghairme (ECRInna) cur go héifeachtach le forbairt an tsaoil taighde agus chultúrtha uile-oileáin;
- a chinntiú go ndéanfar ionadaíocht ar ECRInna agus go nglacfaidh siad páirt ghníomhach sa phlé ar shaincheisteanna domhanda i measc ECRInna;
- taighdeoirí agus nuálaithe luathghairme a thabhairt le chéile le hobair a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí.

# Dúshláin mhóra

Tá cúig 'dhúshlán mhóra' aitheanta againn, príomhcheisteanna a chreidimid gur gá dul i ngleic leo chun tacú le saol taighde agus cultúrtha oileán na hÉireann agus feabhas a chur ar an saol sin:

**01** **an inbhuanaitheacht a bhaint amach;**

**02** **sochaí chothrom ionchuimsitheach a chruthú;**

**03** **todhchaí an tsaoil acadúil a chosaint;**

**04** **tacú le rannpháirtíocht an phobail sa taighde;**

**05** **saineolas trasdisciplíneach a chur ar fáil don bheartas poiblí.**

Bainfimid leas as saineolas ár gcomhaltaí chun iarrachtaí trasdisciplíneacha a bhaineann lenár 'dúshláin mhóra' a aithint agus a bhaint amach. Trínár ngníomhaíochtaí, déanfaimid iarracht tairbhí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a bhaint amach, trí rannpháirtíocht an phobail agus páirtithe leasmhara agus an táirgiúlacht acadúil a chur chun cinn. Beidh gníomhaíochtaí YAI mar dhea-shampla den chaoi ar féidir le hiarrachtaí cuimsitheacha trasdisciplíneacha tionchar nithiúil buan a bhaint amach ar an oileán.

## 01 An Inbhuanaitheacht

Creidimid go bhfuil caomhnú saol taighde agus cultúrtha atá bríomhar bisiúil ar oileán na hÉireann ag brath ar shochaí inbhuanaithe a chruthú do chách. Tá go leor dúshlán romhainn, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, an truailliú comhshaoil, agus ionraí bitheolaíocha. Déanfar impleachtaí na ndúshlán inbhuanaitheachta seo a mheas faoin gcreat 'An Chomhshláinte' a mbeidh feidhm aige ó thaobh daoine, an fhiadhúlra agus an chomhshaoil araon.

Chomh maith le saineolas a bhaineann go sonrach le disciplíní ar leith a chur ar fáil, tá sé mar aidhm againn bealaí nua a ligean na gnáthscrúduithe saindisciplíneacha tharstu uaireanta a aithint d'fhonn caidreamh a bhunú le lucht déanta beartas agus le saoránaigh. Spreagfaidh líonra YAI comhroinnt eolais thar go leor dúshlán inbhuanaitheachta éagsúil, d'fhonn bacainní ar chumarsáid le páirtithe leasmhara, cinnteoirí agus an phobail a shárú le chéile.

## 02 Sochaí chothrom ionchuimsitheach

Ba cheart go mbeadh an cothroime agus an ionchuimsitheacht ag croílár ghníomhaíochtaí YAI agus na sochaí. Ar fud an domhain, agus ar oileán na hÉireann, is dúshlán ollmhór an neamhionannas sóisialta don tsíocháin, do rath shaol an duine, agus d'fholláine ár bpobal agus ár dtimpeallachta comhroinnte. Ag an am céanna, tá an éagsúlacht á cur in iúl go bréagach mar fheiniméin atá ag teacht salach ar an gcomhtháthú sóisialta agus á húsáid chun an bonn a bhaint de na cúiseanna atá taobh thiar den neamhionannas. Sa chaoi sin déantar na cúiseanna sin a cheilt agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis an neamhionannas a chur ó mhaith.

Creidimid gur féidir le scaipeadh taighde scolártha ar an éagsúlacht chultúrtha agus shóisialta cur lenár gcumas freagairt do dhúshláin an neamhionannais. Tá sé mar aidhm againn taighde ceannródaíoch ar an éagsúlacht chultúrtha a spreagadh, agus taighde den sórt sin a chur chun cinn i ndíospóireachtaí poiblí. Samhlaímid comhoibriú idir scoláirí, eagraíochtaí agus daoine aonair agus iad ag dul i ngleic le dúshláin ag an bpointe a bhíonn i bpáirt ag an éagothromaíocht agus an éagsúlacht shóisialta, d'fhonn tionchar a imirt ar an meon, ar an bplé agus ar an mbeartas poiblí.

# 03 An saol acadúil amach anseo

Ba cheart don saol acadúil timpeallacht sheasmhach, thacúil a chur ar fáil do ECRInna agus forbairt a dhéanamh a choinníonn suas le riachtanais an tsochaí. Déanfaimid athbhreithniú agus athshamhlú ar ról na n-ollscoileanna, na nuálaíochta agus an taighde. Díreoimid ar rannpháirtíocht, ar fheasacht agus ar dhea-chleachtais a bhunú.

Is éard a bheidh i gceist le rannpháirtíocht ná líonra comhoibríoch a chruthú i measc institiúidí ardoideachais, cumainn acadúla agus mic léinn. Déanfaimid iarracht tuiscint a fháil ar na dúshláin mhóra atá roimh an bpobal acadúil faoi láthair agus aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe na dúshláin a bhaineann leis an neamhchinnteacht, an tsaoirse acadúil agus an ualach oibre.

Is éard atá i gceist le feasacht ná comhráite a éascú faoi staid an tsaoil acadúil faoi láthair. I measc na n-ábhar imní a dtabharfaimid aghaidh orthu beidh na bealaí isteach sa ghairm, na fadhbanna a bhaineann leis an neamhchinnteacht, an brú a bhaineann le deontais a fháil, agus na dúshláin a bhíonn os comhair mic léinn idirnáisiúnta agus ECRInna. Díreoimid freisin ar na rudaí dearfacha a bhaineann leis an saol acadúil, amhail an t-eolas a chur chun cinn, an tionchar a bhíonn ag an eolas ar an tsochaí agus an cumas atá ann chun beartais éifeachtacha a chruthú. I measc na saincheisteanna ar leith a bheidh faoi chaibidil againn beidh an eolaíocht oscailte agus an inmhacasamhlaitheacht; meath mhuinín an phobail sa saineolas; agus cleachtais taighde i ré na hintleachta saorga (IS).

Chun Dea-chleachtais a bhunú, ní mór an ionchuimsitheacht agus an cothroime a fheabhsú, go háirithe i measc ceannairí ECRI atá ag teacht chun cinn. Seasaimid gualainn ar ghualainn le ECRInna a fhulaingíonn ón neamhchinnteacht agus cuirfimid treoir ar fáil maidir le cleachtais tháirgiúla meantóireachta agus tacaíochta gairme a chothú laistigh den saol acadúil agus i sna gairmeacha neamh-acadúla araon. Is é an sprioc atá againn caighdeán a bhunú a spreagann barr feabhais acadúil, nuálaíocht agus obair a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí.

## 04 Tacú le rannpháirtíocht an phobail sa taighde

Tá fonn orainn cur le cruthú eolais agus leis an díospóireacht phoiblí, ach ag an am céanna tuigimid go bhfuil sé d'acmhainn ag rannpháirtíocht an phobail sa taighde tionchar an taighde sin a mhéadú go mór. Is féidir le trasdisciplíneacht a bheith mar thoradh ag rannpháirtíocht shuntasach phoiblí sa taighde trí idirghníomhaíochtaí a chruthú thar dhisciplíní agus earnálacha, agus trí thaithí agus dearcthaí nach bhfaigheann an t-aitheantas céanna sa ghnáthshaol taighde agus cultúrtha a chur san áireamh.

Beimid ag díriú isteach ar mhodhanna agus ar bhealaí trínar féidir lenár gcomhaltaí ní hamháin a gcuid taighde féin a scaipeadh ach aiseolas a fháil maidir leis an taighde sin agus leis an taighde acadúil i gcoitinne trí aird a thabhairt ar fhoinsí eolais nach mbaintear a dhóthain úsáide astu. Tugann an téama seo tacaíocht bhreise dár gcomhaltaí, á spreagadh chun obair i gcomhar a dhéanamh thar theorainneacha disciplíní, agus tionchar a imirt ar an mbeartas poiblí.

## 05 Saineolas trasdisciplíneach a sholáthar don bheartas poiblí

Creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach go n-úsáidfí an fhianaise is fearr atá ar fáil chun bonn eolais a chur faoi chinntí a mbíonn tionchar acu ar ár saol. Cé gur féidir leis an bhfianaise ról lárnach a imirt maidir le feabhas a chur ar an domhan ina mairimid, tá dúshláin ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu agus an fhianaise á cur ag obair go praiticiúil. Chun an bonn eolais is fearr a chur faoin mbeartas, creidimid go gcaithfimid ár dtaighde agus ár scileanna a fhorbairt agus leas a bhaint astu trí chomhoibriú, cumarsáid agus aistriú eolais trasdisciplíneach a dhéanamh.

Creidimid go bhfuil deis ar leith ag YAI na cúinsí atá fabhrach nó mífhabhrach don chomhoibriú trasdisciplíneach éifeachtach a iniúchadh. Mar chomharghrúpa, déanfaimid ár ndícheall a bheith mar eiseamláir den dea-chleachtas sa taighde idirdhisciplíneach agus trasdisciplíneach, agus ár gníomhaíochtaí a úsáid chun taighde den chineál is nua-aimseartha a léiriú agus a fheabhsú. Tiocfaimid le chéile chun ár saineolas ar thopaicí ar leith a thiomsú, oibreoimid i gcomhar chun plean gníomhaíochta dinimiciúil a fhorbairt, agus bainfimid úsáid as na cleachtais is fearr chun teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl do lucht déanta beartas. Tá sé mar sprioc againn ná scileanna agus na cumais atá ag ár gcomhaltaí agus ag na ECRInna eile ar oileán na hÉireann a fheabhsú.

Acadamh Óg na hÉireann
Young Academy Ireland

Acadamh Ríoga na hÉireann,
19 Sráid Dásain
Baile Átha Cliath 2
D02 HH58
Éire

yai@ria.ie

@youngacademyireland

@YoungAcademyIrl

@YoungAcademyIrl

#YoungAcademyIreland

www.yai.ie